**2018. S.44T**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2018

## STAIDÉAR GNÓ – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR II

**(160 Marc)**

**DÉ MÁIRT 12 MEITHEAMH 2018 – TRÁTHNÓNA 2.00 - 4.00**

- Gabhann 40 marc le **GACH** ceist.
- Freagair **CEITHRE** cheist ar bith.
- Bronnfar marcanna ar obair, ar leagan amach agus ar chur i láthair, fóiliónna agus dátaí san áireamh de réir mar is cuí.
- Ba cheart go dtaispeánfaí an lá, an mhí agus an bhliain sna dátaí.
- Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

| | |
|---|---|
| **1.** | **Ceist í seo a bhaineann le leabhar túsiontrála, le mórleabhar agus le comhardú trialach**. |

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

Is gnólacht stáiseanóireachta é FÍRIC Teo. Rinne sé bearta creidmheasa agus bearta airgid síos araon le linn mhí na Bealtaine 2018.

**(A)** Breac na bearta creidmheasa seo a leanas i leabhar na gceannachán agus i leabhar na ndíolachán de chuid FÍRIC Teo. do mhí na Bealtaine 2018.

Breac na figiúirí ábhartha ó na leabhair sna cuntais mhórleabhair.

| | | | |
|---|---|---|---|
| 01/05/2018 | Cheannaigh earraí ar cairde ó BIRO Teo. | Sonrasc Uimh. 9 | €45,000 + CBL 23% |
| 11/05/2018 | Dhíol earraí ar cairde le SPEC Teo. | Sonrasc Uimh. 39 | €52,000 + CBL 23% |
| 22/05/2018 | Cheannaigh earraí ó RIALÓIR Teo. | Sonrasc Uimh. 27 | €18,000 + CBL 23% |

(14)

**(B)** Déan na bearta seo a leanas do mhí na Bealtaine 2018 a thaifeadadh sa leabhar airgid anailísithe ag FÍRIC Teo.

Breac na figiúirí ábhartha sna cuntais mhórleabhair.

Nóta: Úsáid na ceannteidil cholúin airgid seo thíos san anailís ar na bearta bainc:

**Taobh an Dochair (Fáltais)**: Banc Díolacháin CBL Féichiúnaithe Scairchaipiteal

**Taobh an tSochair (Íocaíochtaí)**: Banc Ceannacháin CBL Pá

| | | | |
|---|---|---|---|
| 05/05/2018 | D'infheistigh scairshealbhóir €145,000 agus lóisteáladh é | | Admháil Uimh. 15 |
| 11/05/2018 | Díolacháin lóisteáilte | | €76,260 (€62,000 + CBL €14,260) |
| 18/05/2018 | D'íoc SPEC Teo. €40,000 agus lóisteáladh é | | Admháil Uimh. 16 |
| 24/05/2018 | Pá íoctha | Seic Uimh. 41 | €24,000 |
| 31/05/2018 | Ceannacháin le hathdhíol | Seic Uimh. 42 | €27,000 + CBL 23% |

(16)

**(C)** Comhardaigh na cuntais ar 31 Bealtaine 2018 agus bain amach comhardú trialach mar a bheadh ar an dáta sin.

(10)
**(40 marc)**

| 2. | **Ceist í seo a bhaineann le díolacháin, doiciméid ghnó agus le leabharchoimeád**. |
|---|---|

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

**(A)** (i) Luaigh **dhá** chúis a ndíolann gnólacht earraí ar cairde.

*Freagair ar an mbileog atá ar fáil leis an bpáipéar seo*.

(ii) Mínigh **dhá** mhodh a d'fhéadfadh gnólacht a úsáid chun rátáil chreidmheasa custaiméirí nua a sheiceáil.

*Freagair ar an mbileog atá ar fáil leis an bpáipéar seo*.

(12)

**(B)** D'ordaigh TROSCÁN Teo., 23 Bóthar Chaisleán an Bharraigh, Clár Chlainne Mhuiris, Co. Mhaigh Eo, na hearraí seo a leanas ó SÁR-CHATHAOIREACHA Teo., ordú uimh. 300.

| | | | |
|---|---|---|---|
| 45 | Cathaoir Uilleach | @ | €140 an ceann |
| 25 | Taisceadán cois Leapa | @ | €68 an ceann |

Bhí na hearraí go léir sa stoc agus d'eisigh SÁR-CHATHAOIREACHA Teo. sonrasc uimh. 56 do na hearraí a seachadadh ar an 16 Bealtaine 2018. Na téarmaí ná lascaine thrádála 30% agus CBL 23%.

(i) Luaigh **trí** nós imeachta is gá a leanúint agus próiseáil á déanamh ar shonraisc amach.

*Freagair ar an mbileog atá ar fáil leis an bpáipéar seo.*

(ii) Comhlánaigh sonrasc uimh. 56 ar an 16 Bealtaine 2018 *ar an mbileog atá ar fáil leis an bpáipéar seo.*

(16)

**(C)** Bhí TROSCÁN Teo. sásta leis na hearraí a fuaireadar agus d'íocadar an tsuim dhlite le Dochar VISA ar an 20 Bealtaine 2018.

(i) Comhlánaigh admháil uimh. 55 a d'eisigh Rónán Ó Lúing, Bainisteoir Cuntas, ar an 20 Bealtaine 2018 *ar an mbileog atá ar fáil leis an bpáipéar seo.*

(ii) Breac eisiúint admháil uimh. 55 i leabhar airgid anailísithe SÁR-CHATHAOIREACHA Teo. *ar an mbileog atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo.*

(12)
**(40 marc)**

| 3. | **Ceist í seo a bhaineann le réamhaisnéis sreabhadh airgid agus le córais seachadta**. |
|---|---|

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

**(A)** *Ar an mbileog ar leith atá ar fáil leis an bpáipéar seo tá réamhaisnéis sreabhadh airgid pháirt-chomhlánaithe* i gcomhair GALLÚNACH Teo., gnólacht cosmaidí.

Iarrtar ort an réamhaisnéis sreabhadh airgid seo a chomhlánú do na míonna seo – Meitheamh, Iúil, Lúnasa agus Meán Fómhair 2019 – agus colún na n-iomlán chomh maith.

Ba cheart an t-eolas seo a leanas a chur san áireamh:

- Meastar go dtiocfaidh méadú de 40% ar na díolacháin mhíosúla ar airgead síos, ag tosú i mí Mheán Fómhair.
- Tá súil le hinfheistíocht de €100,000 ó scairshealbhóirí i mí an Mheithimh.
- Meastar go dtiocfaidh méadú de 10% ar an bpá míosúil ón 1 Lúnasa.
- Meastar go gceannófar trealamh nua a chosnóidh €60,000 i mí Lúnasa.
- Meastar go dtiocfaidh méadú de 35% ar cheannacháin mhíosúla ar airgead síos i mí Mheán Fómhair.
- Meastar go dtiocfaidh méadú de 15% ar fhógraíocht ón 1 Lúnasa.
- Fanfaidh aisíocaíochtaí míosúla na hiasachta mar atá siad.
- Ceannófar árachas a chosnóidh €4,000 i mí Lúnasa.

(28)

**(B)** Tá stiúrthóirí GALLÚNACH Teo. idir dhá chomhairle ar chóir dóibh a bhflít veaineanna seachadta féin a bheith acu nó ar chóir dóibh leanúint ar aghaidh ag úsáid cúiréirí chun a gcuid earraí a iompar.

(i) Luaigh **trí** chostas a bheidh ar GALLÚNACH Teo. má roghnaíonn siad a bhflít veaineanna seachadta féin a bheith acu.

*Freagair ar an mbileog atá ar fáil leis an bpáipéar seo*.

(ii) Luaigh **trí** bhuntáiste do GALLÚNACH Teo. má roghnaíonn siad a bhflít veaineanna seachadta féin a bheith acu.

*Freagair ar an mbileog atá ar fáil leis an bpáipéar seo*.

(12)
**(40 marc)**

| 4. | **Ceist í seo a bhaineann le cuntais chríochnaitheacha agus le clár comhardaithe**. |
|---|---|

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

Baineadh an comhardú trialach seo a leanas as leabhair COD Teo., siopa spóirt, ar 31 Nollaig 2017. Is é 400,000 gnáthscair ar €1 an ceann an scairchaipiteal údaraithe.

| **COMHARDÚ TRIALACH COD Teo. ar 31 Nollaig 2017** | **Dr €** | **Sr €** |
|---|---|---|
| Ceannacháin agus díolacháin | 210,000 | 414,000 |
| Stoc tosaigh 01/01/2017 | 10,000 | |
| Dleacht iompórtála | 7,000 | |
| Cíos infhála | | 6,000 |
| Pá | 80,000 | |
| Drochfhiacha | 12,000 | |
| Fógraíocht | 40,000 | |
| Díbhinní íoctha | 10,800 | |
| Cúlchistí (iarmhéid brabúis agus caillteanais) | | 13,000 |
| Áitreabh | 290,000 | |
| Veaineanna mótair | 180,000 | |
| Airgead tirim | 5,000 | |
| Rótharraingt bhainc | | 7,800 |
| Féichiúnaithe agus creidiúnaithe | 36,000 | 20,000 |
| Iasacht 30 bliain | | 60,000 |
| Scairchaipiteal eisithe | | 360,000 |
| | 880,800 | 880,800 |

**(A)** Iarrtar ort **Cuntas Leithghabhála Trádála**, **Brabúis agus Caillteanais** COD Teo. a ullmhú don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017 agus **Clár Comhardaithe** mar a bheadh ar an dáta sin.

Tugtar an t-eolas seo a leanas duit mar a bheadh ar 31 Nollaig 2017.

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Stoc deiridh | €11,000 |
| (ii) | Cíos infhála dlite | €2,000 |
| (iii) | Fógraíocht réamhíoctha | €4,000 |
| (iv) | Pá dlite | €8,000 |
| (v) | Dímheas: | veaineanna mótair 12% |
| | | áitreabh 2% |

(35)

**(B)** Ríomh meánstoc COD Teo.

(5)

**(40 marc)**

| 5. | **Ceist í seo a bhaineann le margaíocht agus le foinsí airgeadais**. |
|---|---|

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

Gnólacht bia orgánaigh Éireannach é IOF Teo. a bunaíodh in 2008. Tá brabús déanta ag IOF Teo. le deich mbliana anuas ag díol ar mhargaí na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe den gcuid is mó.

Níl an oiread céanna brabúis le déanamh ar mhargadh na Ríochta Aontaithe is a bhíodh; mar sin bheartaigh stiúrthóirí IOF Teo. ar dhíolacháin a mhéadú i dtíortha an limistéir euro agus ar dhíolacháin a laghdú sa Ríocht Aontaithe.

**(A)** (i) Mínigh **dhá** bhuntáiste do IOF Teo. as díolacháin a mhéadú i dtíortha an limistéir euro.

(ii) Mínigh **dhá** mhíbhuntáiste do IOF Teo. a bhainfeadh le haistriú ó mhargadh na Ríochta Aontaithe go dtí margaí an limistéir euro.

(16)

**(B)** Chun leathnú isteach i margadh an limistéir euro, beidh ar IOF Teo. síneadh a chur lena monarcha ar chostas €400,000. Beidh veaineanna seachadta nua ag teastáil freisin ar chostas €60,000.

Chonaic duine de na stiúrthóirí an fógra seo thíos ar líne d'iasachtaí meántéarmacha:

**AIRGEADAS DUITSE Teo**.

Déantar aisíocaíochtaí caipitil a roinnt go cothrom ar feadh thréimhse na hiasachta (e.g. ar iasacht ceithre bliana de €60,000 teastaíonn aisíocaíocht chaipitil de €15,000 in aghaidh na bliana)

Ús 9% RCB (APR)

Comhthaobhacht de dhíth

(i) **Seachas iasachtaí**, luaigh **dhá** chineál oiriúnacha airgeadais a d'fhéadfadh IOF Teo. a úsáid chun íoc as an síneadh a thógáil ar chostas €400,000.

(ii) Mínigh an téarma 'comhthaobhacht'.

(iii) Bheartaigh IOF Teo. go gcuirfidís isteach ar **iasacht ceithre bliana** de €60,000 ó AIRGEADAS DUITSE Teo. chun na veaineanna seachadta a cheannach.

Ríomh an méid iomlán úis a íocfaidh IOF Teo. thar na ceithre bliana seo.
*(Taispeáin do chuid oibre.)*

(24)
**(40 marc)**

| 6. | **Ceist í seo a bhaineann le bheith i d'fhostóir agus le daoine ag obair**. |
|---|---|

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

**(A)** Tá BORD & BÉILE Teo., comhlacht troscáin i gCo. na Gaillimhe, ag earcú faoi láthair do phost mar Bhainisteoir Díolachán.

(i) Luaigh agus mínigh **ceithre** nós imeachta a chaithfidh an comhlacht a chomhlíonadh chun an post seo a líonadh.

(ii) Luaigh **trí** mhodh oiriúnacha fógraíochta don phost mar Bhainistíocht Díolachán in BORD & BÉILE Teo.

(iii) Luaigh cén tábhacht do BORD & BÉILE Teo. a bhaineann le taifid fostaithe a choinneáil.

(28)


**(B)** Tá ceithre roinn in BORD & BÉILE Teo.:

Táirgeadh, Margaíocht, Airgeadas agus Iompar.

Tá Stiúrthóir Bainistíochta ar an gcomhlacht chomh maith le ceathrar bainisteoirí roinne.

(i) Tarraing cairt eagraíochta do BORD & BÉILE Teo.

(ii) Tá 160 fostaí ag an gcomhlacht. Taispeánann an phíchairt thíos céatadán na bhfostaithe i ngach roinn.




Ríomh an líon fostaithe a oibríonn i ngach roinn.

(12)
**(40 marc)**

Leathanach Bán